# Paróiste An Spidéil
# 22ú Domhnach A

## 29ú/30ú Lúnasa 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ Cill Éinde, Spidéal

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 30ú | 11.00r.n. | Pádraic Ó Neachtain (**40 Bl.**) & a bhean Neilí<br>Peadar Ó Cualáin & a bhean Kate<br>Micheál Ó Conghaile | *Baile an tSagairt.*<br>*Boluisce*<br>*Uachtar Ard* |
| Dé Céadaoin | 2ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Déardaoin | 3ú | 10.00r.n | | |
| Dé hAoine | 4ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Domhnaigh | 6ú | 11:00r.n. | Stiofán Ó Céidigh & a ghar iníon Ruby<br>Pat, Mary & Michael Donoghue agus Marie Sarsfield | *Maigh Cuilinn/Sasana*<br>*Páirc* |

### ⌖ Cill Treasa, Ros a 'Mhíl,

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 29ú | 6.30i.n. | Bríd & Beartla Ó Fátharta & a gclann Eileen & Barry | *Tóin an Cnoic* |
| Dé Sathairn | 5ú | 6:30i.n. | Carmel Ridge<br>Joe Joe & Catherine Ridge | *Na Doireadh*<br>*Tír an Fhia* |

### ⌖ Cill Mhuire, Na Minna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 30ú | 9:30am | | |
| Dé Domhnaigh | 6ú | 9:30am | Máire Bhaba Nic Dhonncha & a fhear Seán & muintir ar fad | *Béal an Átha* |






**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**


**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**





**Tuarastal an tSagairt don Fhómhair**

Ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise ar fáil ar na boird do dhaoine nach dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith flaithiúil i gcónaí sna bailiúcháin.**

**Bí Thusa mo shúile**

Bí Thusa mo shúile A Rí mhór na ndúl Líon thusa mo bheatha Mo chéadfaí 's mo stuaim Bí thusa i m'aigne Gach oíche 's gach lá Im' chodladh nó im' dhúiseacht Líon mé le do ghrá.

Bí thusa mo threorú I mbriathar 's i mbeart Fan thusa go deo liom Is coinnigh mé ceart Glac cúram mar Athair Is éist le mo ghuí 'S tabhair dhomsa áit chónai' Istigh i do chroí.

**Móraimidne Rí na nDúl**

Móraimidne Rí na nDúl,Aon Mhac Mhuire,
Dian a Slua,Moladh Dó is ard onóir,
Rí na nAingeal,
Rí na gCumhacht.
Glóraimid le mórtas ard,
Dia na beatha, Dia na nGrás,
Cruthaitheoir an domhain go léir,
Rí na Ríthe, Tréan na dTréan.

Beannaigh sinn, a Shlánaitheoir;
Líon ár gcroí led' ghrá go deo.
Féach orainne clann bocht Adhaimh,
Glan ár smaoineamh, glan ár lámh.
Ardóimid arís ár nglór.
Glóire agus ard-onóir.
D'aon Mhac Mhuire Dia na Slua,
Rí na nAingeal, Rí na nDúl.

**Loinneog don Iontróid—** Sm 85:3, 5
Déan trócaire orm, a Thiarna, óir bím ag éamh ort ar feadh an lae; is maith agus is ceansa thú, a Thiarna, agus is lán de ghrá do chách a ghlaonn ort.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**trí mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia na bhfeart, is uait a thagann gach ní dá fheabhas; cuir grá duit féin ar lasadh inár gcroí agus méadaigh ionainn an chráifeacht; cothaigh ionainn an mhaith agus cumhdaigh í le caoindúthracht. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Iarimiá fáidh – 20:7-9*
Mheall tú mé, a Thiarna, agus lig mé mo mhealladh; rug tú bua orm; is tú is treise. Níl lá nach mbíonn siad ag gáire fúm, is ceap magaidh mé ag gach aon duine.
Níl uair dá labhraím an briathar nach mbíonn orm a fhógairt in ard mo chinn: 'Éigean agus díobháil!'
Tá briathar an Tiarna tar éis éirí ina mhasla domsa agus ina ábhar magaidh ar feadh an lae.
Deirinn: 'Ní smaoineoidh mé air, ní labhróidh mé níos mó ina ainm.'
Ansin b'fhacthas dom go raibh tine loiscneach i mo chroí, í dúnta istigh i mo chnámha.
Tá mé tuirseach ó bheith ag iarraidh í a iompar.
Ní fhéadaim é a fhulaingt.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 62
*Fr: Tá íota tarta ar m'anam chugat,*
*a Thiarna, a Dhia liom.*

1. A Dhia, mo Dhia thú;
iarraim thú go dícheallach.
Tá íota tarta ar m'anam chugat,
santaíonn mo cholainn thú
amhail talamh atá tirim is spalptha cheal uisce. *(Fr)*

2. Is mar sin a bhím ag breathnú ort sa sanctóir
chun go bhfeicfinn do chumhacht is do ghlóir.
Óir is fearr do bhuanghrá ná an bheatha.
Fógróidh mo bheola do mholadh. *(Fr)*

3. Mar sin a bheannóidh mé thú le mo bheo;
i d'ainmse a thógfaidh mé mo lámha.
Líonfar m'anam mar le fleá,
is molfaidh mo bhéal thú le beola lucháireacha.*(Fr)*

4. Óir tháinig tú i gcabhair orm,
agus gairdím faoi scáth do sciathán.
Tá m'anam ag cloí leat go dlúth,
coinníonn do dheaslámh suas mé. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh – 12:1-2*
A bhráithre, táim á iarraidh oraibh as ucht trócaire Dé sibh a thoirbhirt do Dhia in bhur n-íobairt bheo naofa thaitneamhach. Sin é an t-adhradh fíor is dual daoibh. Ná leanaigí patrúin an tsaoil seo, ach cuirigí malairt meoin oraibh féin trí athnuachan aigne ar shlí go n-aithneoidh sibh cad é is toil le Dia, cad é atá maith agus taitneamhach agus foirfe.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Is mise solas an tsaoil, a deir an Tiarna.
'An té a leanfaidh mise, beidh aige solas na beatha.'
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 16:21-27*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Thosaigh Íosa á thaispeáint dá dheisceabail nárbh fholáir dó dul go Iarúsailéim agus mórán a fhulaingt ó na seanóirí agus ó uachtaráin na sagart agus ó na scríobhaithe, agus a chur chun báis, agus éirí an treas lá. Ach thug Peadar ar fhód ar leith é agus thosaigh ag tabhairt casaoide dó: 'Go bhfóire Dia ort, a Thiarna,' ar seisean, 'agus i bhfad uait sin!' Ach d'iompaigh Íosa thairis agus dúirt le Peadar: 'Siar i mo dhiaidh leat, a Shátan! is ceap tuisle dom thú, mar ní hiad smaointe Dé atá i d'aigne ach smaointe daoine.'
Ansin dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chrois agus leanadh mé. Óir cibé arb áil leis a bheatha a shaoradh, caillfidh sé í; ach cibé a chaillfidh a bheatha mar gheall ormsa, gheobhaidh sé í. Óir cá fearrde duine go ngnóthódh sé an domhan go léir dá ligfeadh sé a bheatha féin ar ceal? Nó cad a d'fhéadfadh duine a thabhairt mar mhalairt ar a bheatha? Óir tá Mac an Duine le teacht faoi ghlóir a Athar lena chuid aingeal, agus ansin cúiteoidh sé le gach duine de réir mar a rinne.'
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***Guí an Phobail***

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
Go ndéana an tabhartas naofa seo do bheannacht a thuilleamh dúinn, a Thiarna. Go gcuire sé i gcrích le héifeacht ionainn an slánú a gheallann sé go rúnda. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Ar nAthair atá ar neamh......**

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.**
**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin……..**

**Iarchomaoineach**
A Thiarna, rinne tú sinn a athnuachan le harán na beatha ag bord seo na comaoineach. Go ndéana bia na carthanachta ár gcroí a neartú, agus a spreagadh, chun seirbhís a dhéanamh duit faoi chló ár gcomharsan. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**

*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**